European Commission

# ERASMUS CHARTER FOR HIGHER EDUCATION 2021-2027

## The European Commission hereby awards this Charter to:

*TECHNOLOGICAL UNIVERSITY DUBLIN*

### The Institution undertakes to:

- Respect in full the principles of non-discrimination, transparency and inclusion set out in the Erasmus+ Programme.
- Ensure equal and equitable access and opportunities to current and prospective participants from all backgrounds, paying particular attention to the inclusion of those with fewer opportunities.
- Ensure full automatic recognition of all credits (based on the European Credit Transfer and Accumulation System – ECTS) gained for learning outcomes satisfactorily achieved during a period of study/training abroad, including during blended mobility.
- Charge no fees, in the case of credit mobility, to incoming mobile students for tuition, registration, examinations or access to laboratory and library facilities.
- Ensure the quality of the mobility activities and of the cooperation projects throughout the application and implementation phases.
- Implement the priorities of the Erasmus+ Programme:
  - By undertaking the necessary steps to implement digital mobility management in line with the technical standards of the European Student Card Initiative.
  - By promoting environmentally friendly practices in all activities related to the Programme.
  - By encouraging the participation of individuals with fewer opportunities in the Programme.
  - By promoting civic engagement and encouraging students and staff to get involved as active citizens before, during and after their participation in a mobility activity or cooperation project.

## WHEN PARTICIPATING IN MOBILITY ACTIVITIES

### Before mobility

- Ensure that selection procedures for mobility activities are fair, transparent, coherent and documented.
- Publish and regularly update the course catalogue on the website well in advance of the mobility periods, so as to be transparent to all parties and allow mobile students to make well-informed choices about the courses they will follow.
- Publish and regularly update information on the grading system used and grade distribution tables for all study programmes. Ensure that students receive clear and transparent information on recognition and grade conversion procedures.
- Carry out mobility for the purpose of studying and teaching only within the framework of prior agreements between institutions which establish the respective roles and responsibilities of the parties, as well as their commitment to shared quality criteria in the selection, preparation, reception, support and integration of mobile participants.
- Ensure that outgoing mobile participants are well prepared for their activities abroad, including blended mobility, by undertaking activities to achieve the necessary level of linguistic proficiency and develop their intercultural competences.
- Ensure that student and staff mobility is based on a learning agreement for students and a mobility agreement for staff, validated in advance between the sending and receiving institutions or enterprises and the mobile participants.
- Provide active support to incoming mobile participants throughout the process of finding accommodation.
- Provide assistance related to obtaining visas, when required, for incoming and outgoing mobile participants.
- Provide assistance related to obtaining insurance, when required, for incoming and outgoing mobile participants.
- Ensure that students are aware of their rights and obligations as defined in the Erasmus Student Charter.

### During mobility

- Ensure equal academic treatment and the quality of services for incoming students.
- Promote measures that ensure the safety of outgoing and incoming mobile participants.
- Integrate incoming mobile participants into the wider student community and in the Institution's everyday life. Encourage them to act as ambassadors of the Erasmus+ Programme and share their mobility experience.
- Provide appropriate mentoring and support arrangements for mobile participants, including for those pursuing blended mobility.
- Provide appropriate language support to incoming mobile participants.

### After mobility

- Provide incoming mobile students and their sending institutions with transcripts of records containing a full, accurate and timely record of their achievements at the end of the mobility period.
- Ensure the inclusion of satisfactorily completed study and/or traineeship mobility activities in the final record of student achievements (the Diploma Supplement).

- Ensure that all ECTS credits gained for learning outcomes satisfactorily achieved during a period of study/training abroad, including during blended mobility, are fully and automatically recognised as agreed in the learning agreement and confirmed by the transcript of records/traineeship certificate; transfer those credits without delay into the student's records, count them towards the student's degree without any additional work or assessment of the student and make them traceable in the student's transcript of records and the Diploma Supplement.
- Encourage and support mobile participants upon return to act as ambassadors of the Erasmus+ Programme, promote the benefits of mobility and actively engage in building alumni communities.
- Ensure that staff is given recognition for their teaching and training activities undertaken during the mobility period, based on a mobility agreement and in line with the institutional strategy.

## WHEN PARTICIPATING IN EUROPEAN AND INTERNATIONAL COOPERATION PROJECTS

- Ensure that cooperation activities contribute towards the fulfilment of the institutional strategy.
- Promote the opportunities offered by the cooperation projects and provide relevant support to staff and students interested in participating in these activities throughout the application and implementation phase.
- Ensure that cooperation activities lead to sustainable outcomes and that their impact benefits all partners.
- Encourage peer-learning activities and exploit the results of the projects in a way that will maximise their impact on individuals, other participating institutions and the wider academic community.

## FOR THE PURPOSES OF IMPLEMENTATION AND MONITORING

- Ensure that the long-term institutional strategy and its relevance to the objectives and priorities of the Erasmus+ Programme are described in the Erasmus Policy Statement.
- Ensure that the principles of the Charter are well communicated and are applied by staff at all levels of the Institution.
- Make use of the ECHE Guidelines and of the ECHE Self-assessment to ensure the full implementation of the principles of this Charter.
- Regularly promote activities supported by the Erasmus+ Programme, along with their results.
- Display this Charter and the related Erasmus Policy Statement prominently on the Institution's website and on all other relevant channels.

*The Institution acknowledges that the implementation of the Charter will be monitored by the Erasmus+ National Agency and that the violation of any of the above principles and commitments may lead to its withdrawal by the European Commission.*

| Stamp | Name and Signature of the Legal Representative |
| --- | --- |
| | |

European Commission

# CAIRT ARDOIDEACHAIS ERASMUS 2021-2027

**Bronnann an Coimisiún Eorpach leis seo, an Chairt seo ar an institiúid seo a leanas:**

*TECHNOLOGICAL UNIVERSITY DUBLIN*

**Gabhann an Institiúid an méid seo a leanas uirthi féin:**

- Prionsabail an neamh-idirdhealaithe, na trédhearcachta agus an ionchuimsithe a leagtar amach sa Chlár Erasmus+ a urramú ina n-iomláine.
- Rochtain agus deiseanna comhionanna cothromasacha a áirithiú do rannpháirtithe reatha agus do rannpháirtithe ionchasacha as gach cúlra, agus féachaint go háirithe leis na rannpháirtithe sin nach bhfuil an oiread céanna deiseanna acu a ionchuimsiú.
- Lánaitheantas uathoibríoch i leith gach creidiúna a áirithiú (arna bhunú ar an gCóras Eorpach Aistrithe Creidiúna - ECTS) a fhaightear as spriocanna foghlama a bhaint amach go cuí le linn tréimhse staidéir/oiliúna ar an gcoigríoch, lena n-áirítear le linn soghluaisteacht chumaisc.
- Gan aon táille theagaisc, chlárúcháin, ná aon táille le haghaidh scrúduithe ná rochtain ar shaoráidí saotharlann agus leabharlann a ghearradh, i gcás soghluaisteacht creidiúintí, ar mhic léinn atá ar thréimhse shoghluaisteachta.
- Cáilíocht na ngníomhaíochtaí soghluaisteachta a áirithiú mar aon le cáilíocht na dtionscadal comhair le linn na gcéimeanna cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme.
- Tosaíochtaí Chlár Erasmus+ a chur chun feidhme:
  - Trí na céimeanna is gá a dhéanamh chun bainistiú soghluaisteachta digití a chur chun feidhme i gcomhréir le caighdeáin theicniúla Thionscnamh na gCártaí Mac Léinn Eorpacha.
  - Trí chleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn sna gníomhaíochtaí uile a bhaineann leis an gClár.
  - Trí na daoine sin nach bhfuil an oiread céanna deiseanna acu a spreagadh le bheith rannpháirteach sa Chlár.
  - Tríd an rannpháirtíocht shibhialta a chur chun cinn agus trí mhic léinn agus baill foirne a spreagadh le bheith páirteach ann mar shaoránaigh ghníomhacha sula mbíonn siad rannpháirteach i ngníomhaíocht soghluaisteachta nó i dtionscadal comhair, le linn dóibh a bheith páirteach ann agus tar éis dóibh a bheith páirteach ann.

## NUAIR A BHÍTEAR RANNPHÁIRTEACH I NGNÍOMHAÍOCHTAÍ SOGHLUAISTEACHTA

**Roimh ghníomhaíocht soghluaisteachta**

- A áirithiú gur cothrom, trédhearcach, comhleanúnach iad na nósanna imeachta roghnúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta agus go gcoinnítear taifead de na nósanna imeachta sin.
- An réamheolaire a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta ar an suíomh gréasáin, agus sin a dhéanamh i bhfad roimh an tréimhse shoghluaisteachta, chun go mbeidh sé trédhearcach do na páirtithe uile agus chun gur féidir le mic léinn atá ar thréimhse shoghluaisteachta roghanna eolacha a dhéanamh faoi na cúrsaí a dhéanfaidh siad.
- Faisnéis faoin gcóras grádaithe a úsáidtear agus faoi na táblaí dáilte grád le haghaidh gach cláir staidéir a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta. A áirithiú go bhfaighidh na mic léinn faisnéis shoiléir thrédhearcach faoi nósanna imeachta um aitheantas agus um thiontú grád.
- Gníomhaíocht soghluaisteachta a dhéanamh chun nach ndéanfar staidéar ná teagasc ach amháin faoi chreat na gcomhaontuithe a dhéantar roimh ré idir institiúidí, comhaontuithe lena mbunaítear róil agus freagrachtaí na bpáirtithe, mar aon lena dtiomantas chun critéir chomhroinnte ar ardcháilíocht a bheith ann maidir le rannpháirtithe atá ar thréimhse shoghluaisteachta a roghnú, a ullmhú agus fáilte a chur rompu, tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad a imeascadh.
- A áirithiú, i dtaca le rannpháirtithe amach atá ar thréimhse shoghluaiseachta, go bhfuil siad ullamh le haghaidh a ngníomhaíochtaí ar an gcoigríoch, lena n-áirítear an tsoghluaisteacht chumaisc, trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh chun an cumas teanga is gá a bhaint amach agus chun a n-inniúlachtaí idirchultúrtha a fhorbairt.
- A áirithiú, i dtaca leis an tsoghluaisteacht mac léinn agus ball foirne, gur ar chomhaontú foghlama a bhunaítear í i gcás mic léinn agus gur ar chomhaontú soghluaisteachta a bhunaítear í i gcás baill foirne, comhaontú a bheidh bailíochtaithe roimh ré idir na hinstitiúidí nó na fiontair óna dtagann mic léinn agus na hinstitiúidí nó na fiontair a dtéann siad chucu agus na rannpháirtithe atá ar thréimhse shoghluaisteachta.
- Tacaíocht ghníomhach a sholáthar do rannpháirtithe isteach le linn dóibh a bheith ag iarraidh teacht ar chóiríocht.
- Cúnamh a sholáthar do rannpháirtithe isteach agus amach agus atá ar thréimhse shoghluaisteachta, maidir le víosaí a fháil, nuair is gá.
- Cúnamh a sholáthar do rannpháirtithe isteach agus amach agus atá ar thréimhse shoghluaisteachta, maidir le hárachas a fháil, nuair is gá.
- A áirithiú go bhfuil mic léinn ar an eolas faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí faoi mar a shainítear iad i gCairt Mac Léinn Erasmus.

### Le linn gníomhaíocht soghluaisteachta

- A áirithiú go gcaitear go comhionann, ó thaobh na hacadúlachta de, le mic léinn isteach agus cáilíocht na seirbhísí a áirithiú lena n-aghaidh freisin.
- Bearta a chur chun cinn lena n-áirithítear sábháilteacht rannpháirtithe isteach agus amach agus atá ar thréimhse shoghluaisteachta.
- Rannpháirtithe isteach atá ar thréimhse shoghluaisteachta a imeascadh i mórphobal na mac léinn agus i ngnáthshaol na hInstitiúide. Iad a spreagadh chun bheith ina n-ambasadóirí ag an gClár Erasmus+ agus chun a dtaithí ar an tréimhse shoghluaisteachta a roinnt.
- Socruithe tacaíochta agus meantóireachta iomchuí a sholáthar do rannpháirtithe atá ar thréimhse shoghluaisteachta, lena n-áirítear na rannpháirtithe sin atá ag gabháil don tsoghluaisteacht chumaisc.
- Tacaíocht teanga iomchuí a sholáthar do rannpháirtithe isteach atá ar thréimhse shoghluaisteachta.

- Mic léinn isteach agus na hinstitiúidí óna dtagann siad a sholáthar le tras-scríbhinní na dtaifead ina mbeidh taifead iomlán, cruinn agus tráthúil dá bhfuil bainte amach acu faoi dheireadh na tréimhse soghluaisteachta.
- A áirithiú go dtabharfar lánaitheantas uathoibríoch do chreidiúintí uile an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna (ECTS) a ghnóthófar as spriocanna foghlama a bhaint amach go sásúil le linn tréimhse staidéir/oiliúna ar an gcoigríoch, lena n-áirítear tréimhse le linn soghluaisteacht chumaisc, faoi mar a comhaontaíodh sa chomhaontú foghlama agus a deimhníodh leis an tras-scríbhinn de na taifid/den deimhniú oiliúna; na creidiúintí sin a aistriú gan mhoill go taifid an mhic léinn, iad a áireamh le haghaidh chéim an mhic léinn gan aon obair bhreise ná measúnú ar an mac léinn agus iad a dhéanamh inrianaithe i dtras-scríbhinn taifead an mhic léinn agus san Fhorlíonadh ar an Dioplóma.
- A áirithiú, i dtaca le gníomhaíochtaí soghluaisteachta staidéir agus/nó oiliúna atá curtha i gcrích, go gcuirfear na gníomhaíochtaí sin isteach sa taifead deiridh dá bhfuil bainte amach ag an mac léinn (an Forlíonadh ar an Dioplóma).
- Rannpháirtithe atá ar thréimhse shoghluaisteachta a spreagadh agus tacú leo chun bheith ina n-ambasadóirí ag an gClár Erasmus+, chun buanna na soghluaisteachta a chur chun cinn agus chun páirt ghníomhach a ghlacadh i dtaca le comhphobail alumni a thógáil.
- A áirithiú go dtugtar aitheantas do bhaill foirne as na gníomhaíochtaí teagaisc agus oiliúna a dhéanann siad le linn na tréimhse soghluaisteachta, aitheantas a bheidh bunaithe ar chomhaontú soghluaisteachta agus a bheidh i gcomhréir leis an straitéis institiúideach.

## NUAIR A BHÍTEAR RANNPHÁIRTEACH I DTIONSCADAIL CHOMHAIR EORPACHA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

- A áirithiú go gcuidíonn gníomhaíochtaí comhair leis an straitéis institiúideach a bhaint amach.
- Na deiseanna a bhíonn ann a bhuí leis na tionscadail chomhair a chur chun cinn agus tacaíocht ábhartha a sholáthar do bhaill foirne agus do mhic léinn ar spéis leo a bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí sin le linn chéim an chur i bhfeidhm agus an chur chun feidhme.
- A áirithiú gur torthaí inbhuanaithe a thiocfaidh as gníomhaíochtaí comhair agus go mbeidh tionchar ag na gníomhaíochtaí sin a rachaidh chun tairbhe do na comhpháirtithe uile.
- Gníomhaíochtaí piarfhoghlama a spreagadh agus leas a bhaint as torthaí na dtionscadal ar bhealach a rachaidh i bhfeidhm, a mhéid is féidir, ar dhaoine, ar institiúidí rannpháirteacha eile agus ar an lucht léinn i gcoitinne.

## AR MHAITHE LEIS AN GCUR CHUN FEIDHME AGUS LEIS AN BHFAIREACHÁN

- A áirithiú go dtabharfar tuairisc sa Ráiteas Beartais Erasmus ar an straitéis fhadtéarmach institiúideach agus ar a ábhartha atá sí i dtaca le cuspóirí agus tosaíochtaí an Chláir Erasmus+.
- A áirithiú go ndéanfaidh na baill foirne, ar gach leibhéal den Institiúid, prionsabail na Cairte a chur in iúl go soiléir agus a chur chun feidhme.
- Leas a bhaint as Treoirlínte Chairt Ollscoile Erasmus agus as Féinmheasúnú na Cairte chun a áirithiú go gcuirfear prionsabail na Cairte sin chun feidhme ina n-iomláine.
- Gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár Erasmus+ a chur chun cinn go rialta agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin a chur chun cinn freisin.
- An Chairt seo agus an Ráiteas Beartais Erasmus gaolmhar a thaispeáint go soiléir ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide agus ar gach cainéal ábhartha eile.

*Aithníonn an Institiúid go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Erasmus+ faireachán ar chur chun feidhme na Cairte agus go bhféadfadh an Coimisiún Eorpach í a tharraingt siar má sháraítear aon cheann de na prionsabail agus na gealltanais thuasluaite.*

| Stampa | Ainm agus Síniú an Ionadaí Dhlíthiúil |
| --- | --- |
| | |